Trōcaire
Ag obair ar son na córa ar domhan.

# Athrú Aeráide Ceartas Aeráide 3

Is féidir linn an éagóir aeráide a réiteach lena chéile

**Bí Linn**







## Acmhainn Oideachais
## d'Iarbhunscoileanna

TAGAIRT: E11a

# Réamhrá

Fáilte romhaibh go dtí an tríú chuid agus an chuid dheireanach d'aistear foghlama trí bliana 'Trócaire' maidir le hathrú agus ceartas aeráide. Sa bhliain 2015 bhíomar ag díriú ar eolaíocht an athraithe aeráide agus ar an tionchar a bhí aige ar an saol. Sa bhliain 2016 bhíomar ag díriú ar an eolas ba dhéanaí a tháinig chugainn faoi athrú aeráide, an tionchar domhanda, agus conas mar a chuirimid féin in Éirinn leis an bhfadhb. Sa chuid is déanaí beimid ag díriú ar a bheith gníomhach, ar na riachtanais a bhaineann le bheith mar ghníomhaí ar son na haeráide. Déanfaimid scagadh ar a leithéid, ar na gníomhaíochtaí oiriúnacha a dhéanfadh daoine d'aois ar bith, agus déanfaimid staidéar cáis ar obair na ngníomhaithe ó chian is ó chóngar, ag súil le spreagadh a fháil uathu! Tá sé suas chugaibhse, agus chuig na mic léinn an méid a fhoghlaimítear a chur i gcrích ar bhur mbealaí féin, agus sibh ag súil leis an gceartas aeráide a chur i bhfeidhm. Ba bhreá linn dá ndéanfadh sibh sinn a choimeád ar an eolas maidir leis an obair atá idir lámha, agus pé tacaíocht a bheadh uaibh a lorg uainn, ionas go mbeadh ar ár gcumas, in éineacht lena chéile, aghaidh a thabhairt ar an ród atá romhainn maidir le bheith mar ghníomhaithe ar son na haeráide!

# Clár


| | |
|---|---|
| Naisc leis an gCuraclam | 3 |
| Conas an Acmhainn seo a Úsáid | 3 |
| An Troid in Aghaidh an Athraithe Aeráide | 4 |
| Saghsanna Éagsúla Gníomhartha | 5 |
| Bileog Oibre: Na Riachtanais Bheith mar Ghníomhaí ar son na hAeráide? | 6 |
| Athrú Aeráide & Hondúras | 7 |
| Bileog Oibre: Maolú ar Bhaol Tubaiste i Hondúras | 8 |
| Laghdú Rioscaí Tubaiste, & Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe | 10 |
| Bí Gníomhach | 11 |




Valerie Robinson ón *Irish News* i gceantar Chikwawa, i ndeisceart na Maláive, ceann de na háiteanna is mó atá thíos leis de bharr an athraithe aeráide. Grianghraf: Eoghan Rice/Trócaire

# Naisc leis an gCuraclam

**Poblacht na hÉireann:**

Oideachas Reiligiúnach – A1 An Pobal; A2 Pobail ag Feidhmiú; A3 Pobail Chreidimh; F3 Ag Fás go Morálta; F4 Moráltacht Chreidimh i bhFeidhm (Maoirseacht); F5 An Dlí & an Mhoráltacht

OSSP – Snáithe 1: Cearta & Dualgais (1.1, 1.2, 1.5, 1.6, 1.9, 1.10, 1.11); Snáithe 2: Saoránacht Iomlánaíoch (2.1, 2.4, 2.5, 2.6, 2.9, 2.10, 2.11)

Tíreolaíocht – Aonad A2: An tAtmaisféar Corrach (An tInneall Teasa); Aonad B4: Cathrú – Patrúin ag Athrú san Áit Chónaithe – Cathracha; Aonad C4: Éagothroime Eacnamaíoch: Acmhainní an Domhain – Cé a Thairbhíonn?

**Tuaisceart Éireann:**

Oideachas Reiligiúnach – Na Daltaí a Thógáil mar Rannpháirtithe sa tSochaí (Sprioc 2); An Eacnamaíocht agus an Timpeallacht (Sprioc 3) LLW – Saoránacht Iomlánaíoch & Áitiúil (Cearta Daonna & Freagracht Shóisialta; Ionannas & Ceartas Sóisialta; An Daonlathas & Rannpháirtíocht Ghníomhach)

Tíreolaíocht – KS3 Sprioc 3: Taighde a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an gcoinbhleacht ar an saol sóisialta agus eacnamaíoch, ar an chomhshaol go háitiúil agus ar fud an domhain, m.sh. athrú aeráide agus tuilte. Déan taighde faoi conas mar a d'fhéadfaí maoirseacht chomhshaoil a dhéanamh agus an domhan a chaomhnú don todhchaí, agus saol níos fearr a chruthú do chách go háitiúil agus ar fud an domhain.

KS4 Aonad 1 (Téama B): Athruithe Aeráide agus Aimsire; KS4 Aonad 2 (Téama C): Bainistíocht a Dhéanamh ar Acmhainní

**Topaicí Eile:**

Poblacht na hÉireann – Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh; Staidéar Sóisialta & Comhshaoil; Eolaíocht; Béarla; An Pholaitíocht & an tSochaí

Tuaisceart Éireann – Ealaín & Dearadh; Eolaíocht; Béarla

**Múinteoirí Oideachas Reiligiúnach:** Acmhainní eile le húsáid sa rang Theagasc Reiligiúnach. Téigh go dtí trocaire.org/education/lent2017 leis an leabhrán acmhainní Laudato Si' a íoslódáil, nó téigh go dtí: trocaire.org/parishes áit ina bhfuil teacht ar an leabhrán 'Glas Óg'.

# Conas an acmhainn seo a úsáid


## Pleanáil an Mhúinteora

Tá nótaí agus naisc istigh leis seo a chabhródh leis an bpleanáil. Díríonn an acmhainn seo ar a bheith gníomhach in aghaidh an athraithe aeráide. Is féidir é a úsáid leis féin nó i gcomhar leis na hacmhainní ó 2015 & 2016: 'Athrú Aeráide, Ceartas Aeráide' atá ar fáil ar líne ag: trocaire. org/education/lent2017. Ba cheart na daltaí a spreagadh le hiniúchadh criticiúil a dhéanamh ar an ngníomhaíocht in aghaidh athrú aeráide, agus ceisteanna a chur maidir leis an spreagadh, an éifeacht, an inbhuanaitheacht a bhaineann leis. Beidh ar a gcumas ansin teacht ar chinneadh maidir leis an bplean oibre is oiriúnaí dóibh féin. Coimeád sinn ar an eolas, le bhur dtoil, maidir leis an ngníomhaíochas atá idir lámha agaibh, trí iarrachtaí na mac léinn a chur ar aghaidh don duais an domhain chóir (féach lth. 11).

## Íocóin san acmhainn seo



Tabharfaidh an íocón seo ar líne tú chuig acmhainní breise agus eolas úsáideach don seomra ranga.




Fíorais faoin athrú aeráide.

Eolas don Oide



**Tá breis eolais faoi 'An Cheist Ghéar' ar fáil i bhfíseán ag: vimeo.com/ trócaire**



**Dífheistiú breoslaí iontaise: infheistíocht airgeadais a bhaint de na comhlachtaí breoslaí iontaise mar iarracht in aghaidh athrú aeráide.**

# An Troid in aghaidh Athrú Aeráide



Grianghraf: Greenpeace

D'fhás an ghluaiseacht reatha ar son an chomhshaoil go horgánach ó 1960/1970 ar aghaidh, cé go bhfuil cuid mhaith eagrais mar 'The Royal Society' (Londain)[1] agus an 'National Geographic Society' (Washington DC)[2] ag obair ar son an chomhshaoil ón naoú haois déag ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann. Bhunaigh grúpa beag daoine 'Greenpeace' agus iad ag iarraidh deireadh a chur leis an tástáil núicléach agus fiach na míolta móra, agus anois tá siad mar cheann de na heagrais chomhshaoil is mó ar domhan.[3] Baineann siad úsáid as straitéis díreacha agus indíreacha agus iad ag iarraidh dul i bhfeidhm ar rialtais agus ar an saol corparáideach.

**'Tá ár gcuid cinnirí polaitiúla dár dtreorú gan smaoineamh, tá uair na cinniúna chugainn maidir le todhchaí an chomhshaoil, tá siad ag geáitsíocht leis an phláinéad.' Kumi Nadoo, Greenpeace.**

Le blianta beaga anuas tá fás tagtha i líon na n-eagras atá tiomnaithe i dtreo chaomhnú an chomhshaoil. Tuigimid go maith anois ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), go n-eascraíonn an t-athrú aeráide ó ghníomhaíochtaí an chine dhaonna. Chualamar na hargóintí polaitiúla agus eolaíochta, agus anois caithfear an fhreagairt chultúrtha a chur i lár an aonaigh. Tá torthaí tromchúiseacha an athraithe aeráide le sonrú go forleathan agus caithfear athrú meoin cultúrtha a chur i bhfeidhm ar fud an domhain, in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe chomh maith, má theastaíonn uainn dul i ngleic leis an fhadhb go héifeachtach, ar bhealach comhordaithe.

Tá cuid mhaith eagras ar son na timpeallachta ar nós 350.org a d'eascair ón gcosmhuintir, fásta go mór ina ngluaiseachtaí domhanda. Bíonn 350.org mar chuid den fheachtas a sheol nuachtán an 'Guardian' ón Ríocht Aontaithe sa bhliain 2015 ag iarraidh go bhfágfaí sa talamh iad na breoslaí iontaise. D'iarradar go mbainfí infheistíocht airgeadais de na comhlachtaí breoslaí iontaise. Chuir an 'Guardian Media Group' (GMG) tús leis an iarracht trí infheistíocht sna breoslaí iontaise arbh fhiú £800m í a bhaint dá chiste infheistíochta.[4] Sa bhliain 2016 chuir Trócaire tús leis an gcuid ba dhéanaí den fheachtas ar son na córa um athrú aeráide, darb ainm 'An Cheist Ghéar'. Iarrann an feachtas seo ar rialtas na hÉireann gan airgead poiblí a infheistiú sna breoslaí iontaise. Go dáta: Márta 2016, thug breis agus 500 foras domhanda gur fiú $3 trilliún iad, gealltanas éirí as an infheistíocht sna breoslaí iontaise taobh istigh de chúig bliana.[5]



Grianghraf: Alan Whelan, Trócaire

Tuigtear go maith go mbíonn an comhoibriú lena chéile i bhfad níos éifeachtaí ná go mbeadh eagrais ar son an chomhshaoil ag brath orthu féin amháin. Bíonn comhghuaillíocht phobail breis agus 28 n-eagras (agus Trócaire ina measc) darb ainm **Stop Climate Chaos Ireland** ag obair lena chéile leis an drochthionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan a mhaolú. Tá pobal Caitliceach darb ainm **The Global Catholic Climate Movement** (GCCM) agus eagrais eile ag obair lena chéile agus freagairt á thabhairt acu ar an athrú aeráide agus ar an nglao chun gnímh atá i Laudato Si', an litir a d'eisigh an Pápa Proinsias maidir leis an dúshlán domhanda a bhaineann le hathrú aeráide. Sa bhliain 2015, chruinnigh GCCM breis agus 900,000 ainmneacha a cuireadh leis an Achainí Chaitliceach um Athrú Aeráide a bronnadh ar uachtarán na Fraince agus ar cheannaire chomhshaoil an UN ag an gcruinniú mullaigh COP 21 a tharla i bPáras, Mí na Nollag 2015.

1. royalsociety.org/topics-policy/energy-environment-climate/
2. nationalgeographic.org/
3. greenpeace.org/international/en/about/our-story/
4. theguardian.com/environment/2015/apr/01/guardian-media-group-to-divest-its-800m-fund-from-fossil-fuels
5. trocaire.org/getinvolved/climate-justice/what-is-divestment

# Saghsanna Éagsúla Gníomhaíochtaí

Beidh gníomhaíochtaí éagsúla in úsáid ag eagrais éagsúla ag brath ar thionchair áirithe, mar shampla:

- An bhuncheist atá idir lámha
- Cé air a chuirfear an brú
- Comhdhéanamh na mball
- Conas mar a d'éirigh leo cheana féin
- An ciste airgeadais atá ar fáil



Slógadh Frithchogaidh, Béal Feirste, Mí Feabhra 2003.

Cé gur tábhachtach an rud é tacaíocht a fháil ón bpobal, ní chiallaíonn bainteacht mhór an phobail leis go n-éireoidh le hiarracht ar bith. Chuir na milliúin duine i gcathracha ar fud an domhain go mór in aghaidh na hionsaithe ar an Iaráic sa bhliain 2003, ach lean an t-ionsaí ar aghaidh d'ainneoin san. Is féidir leis an tacaíocht dhomhanda a bheith éifeachtach má bhaintear úsáid as saghsanna suntasacha gníomhaíochtaí. D'éirigh leis an bhfeachtas in aghaidh an chiníochais san Afraic Theas toisc gur tugadh tacaíocht dhomhanda dó. Baineadh úsáid as straitéis éifeachtacha ar nós bac a chur ar an tír a bheith páirteach in imeachtaí idirnáisiúnta spóirt, agus baghcat a chuir i bhfeidhm in aghaidh earraí ón Afraic Theas. Braitheann an chaoi ina éireoidh le plean oibre ar an gcomhthéacs ina gcuirfear i bhfeidhm é, agus is fiú machnamh domhain a dhéanamh faoi straitéis oiriúnach a roghnú.

### Gníomhaíocht Dhíreach Síochánta

Gníomh a lorgaíonn freagairt ón sprioc, m.sh. ó údarás seanbhunaithe nó ó fhoras cumhachtach. I measc na ngníomhaíochtaí díreacha a d'úsáidfeadh gníomhaithe tá:

- Suí Istigh/Áitíocht
- Stailc
- Baghcat
- Léirsiú Pobail/ Siúlóidí
- Easumhlaíocht

### Gníomhaíocht Indíreach

Gníomh a lorgaíonn comhpháirtíocht i bhfeachtas ó dhaoine eile trí chaint, idirbheartaíocht, brústocaireacht a dhéanamh. Gníomh síochánta a bheidh i gceist. Samplaí:

- Feachtas Bolscaireachta
- Bileoga
- Fógraíocht
- Brústocaireacht ar pholaiteoirí 7rl
- Idirbheartaíocht le fostóirí
- Taighde

**Bain úsáid as an obair thíos le cabhrú leis na mic léinn staidéar a dhéanamh ar na saghsanna éagsúla gníomhaíochtaí a chuirfí i bhfeidhm, agus tuiscint a bheith acu maidir leis an éifeacht a bhainfeadh leo, agus an deacracht iad a chur i ngníomh. Iarr orthu díriú ar an athrú/ceartas aeráide, ar an obair a rinneadh go dtí seo, agus ar na gníomhaíochtaí a bheadh oiriúnach dar leo, le cur i bhfeidhm amach anseo.**

### Gníomhaíocht 1 – Saghsanna Éagsúla Gníomhartha

Gníomhaíochtaí 1

Déan plé leis na daltaí i dtaobh na ngníomhartha a dhéanfadh saoránaigh maidir leis an gceartas sóisialta. A fhad is a bhíonn an plé ar siúl déan na gníomhaíochtaí seo leis na daltaí:

a. Déan ransú faoi na saghsanna éagsúla gníomhartha ag rá gur imeachtaí indíreacha nó imeachtaí síochánta díreacha atá iontu, de réir na dtáblaí thuas.
b. Iarr ar na daltaí ( nó ar dhá ghrúpa díobh) dhá cheacht rangaithe:
   1. Rangú de réir deacrachta.
   2. Rangú de réir an tionchair a bheadh ag an ngníomh, dar leo.
c. An bhfuil cosúlachtaí/éagsúlachtaí ann idir an dá liosta? Conas san?

### Gníomhaíocht 2 – Plé agus Díospóireacht

Gníomhaíochtaí 2

Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo, agus bíodh am acu dearctha éagsúla a chíoradh.

1. Cad iad na saghsanna nua ghníomhaíochais atá ar fáil ar líne, agus an réitíonn siad leis an teicneolaíocht nua-aoiseach? An bhfuil na straitéisí nua seo chomh héifeachtach leis na bealaí traidisiúnta ghníomhaíochais?
2. Bíonn gníomhartha áirithe in aghaidh an dlí, mar shampla, go ndéanfadh agóideoir dreapadh in airde ar fhoirgneamh, nó seilbh a ghlacadh ar rige ola. An dóigh libh go mbeadh sé inchosanta riamh, gníomhú in aghaidh an dlí?

### Gníomhaíocht 3 – Cén Cruth atá ar Ghníomhaire ar son an Chomhshaoil?

Gníomhaíochtaí 3

Féach an bhileog oibre ar leathanach 6. Is féidir é a leagadh amach ar leathanach níos mó, nó úsáid a bhaint as smeach-chairt do na himeachtaí seo. Is féidir na torthaí a chur ar taispeáint sa seomra ranga, nó ar fud na scoile. Tá grafaic fhaisnéise leis an acmhainn seo a thabharfaidh cabhair daoibh, agus is féidir é a íoslódáil chomh maith ag: trocaire.org/education/lent2017.

Eolas don Oide



**Má theastaíonn uainn ardú teochta domhanda a bheith faoi 2°C caithfear 80% den bhreosla iontaise infhála a fhágáil faoi thalamh.**

Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga




**Déan grafaic fhaisnéise a chabhraíonn le gníomhaíocht 3 a íoslódáil ag: trocaire. org/ education/ lent2017**

# Bileog Oibre:
# Cad atá ag Teastáil le Bheith mar Ghníomhaíoch ar son na hAeráide?

**Eolas agus Tuiscint:**

•
•
•
•




**Fiúntas agus Dearctha:**

•
•
•
•

**Scileanna agus Ábaltacht:**

•
•
•
•



**Tuairimí Eile:**

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

# Hondúras agus An tAthrú Aeráide



**Príomhchathair:** Tegucigalpa

**Daonra:** 8.2 m

**Airgeadas:** Lempira Hondúrach

**Teangacha:** Spáinnis (Teanga Oifigiúil) agus labhraítear teangacha Máigheacha in áiteanna

**Aeráid:** Tá aeráid thrópaiceach anseo, agus is fionnuar measartha an aimsir sna sléibhte

**Bia:** Is iad na pónairí agus na tortillas an bia coiteann i Hondúras. Itear plantán friochta agus cáis bhán go forleathan chomh maith



Tá Hondúras mar cheann de na tíortha is boichte sa Mheiriceá Láir, agus cónaíonn breis agus milliún teaghlach faoi bhun tairseach na bochtaineachta (féach thall). Is somhillte an tír í ó thaobh an drochthionchar a bhíonn ag an athrú aeráide uirthi, agus fulaingíonn siad ón adhaimsir ach go háirithe. Nuair a chuirtear taismigh agus caillteanas ioncaim san áireamh, ba é Hondúras an tír ba mheasa ar domhan as, ó 1993 go 2014 maidir le drochthionchar na hadhaimsire. I rith an ama sin tharla 65 tarlú adhaimsire a chuaigh i bhfeidhm ar Hondúras, agus sé chinn de na spéirlingí is measa a tharla sa 20ú haois ina measc. I Mí Dheireadh Fómhair na bliana 1998, tháinig an spéirling 'Mitch' i dtír i Hondúras, maraíodh breis agus 10,000 duine, loiteadh barraí go forleathan, agus rinneadh scrios ar an infreastruchtúr agus ar chóras uisce óil na háite.

## Comhpháirtíocht ag Obair

Oibríonn Trócaire i gcomhar le heagrais éagsúla aon áit ina mbíonn obair ar siúl againn, agus tugaimid tacaíocht dóibh leis na tionscadail a bhíonn idir lámha acu i measc an phobail áitiúil. Bíonn tuiscint dhomhain ag na heagrais seo ar theanga, ar chultúr, ar an saol áitiúil, agus tacaíonn foirne Thrócaire leo lena gcuid taithí agus leis an maoiniú a dhéanann siad.

## Trócaire i Hondúras

Faoi láthair, tá Trócaire ag tacú le 28 chomhpháirtí i Hondúras, trí chláir éagsúla a chur i bhfeidhm a chuireann bia agus uisce ar fáil do na bochtáin, agus a chabhraíonn le grúpaí imeallacha bochta a gcuid cearta daonna sóisialta eacnamaíoch a lorg. Cuirtear tacaíocht dlí agus tacaíocht shíceolaíoch ar fáil do mharthanóirí baineann a d'fhulaing foréigean baile agus eile, agus tugtar cabhair don phobal ionas go mbeadh maolú ar thionchar na dtubaistí, agus go mbeifí in ann freagairt oiriúnach a thabhairt ar aon éigeandáil nádúrtha a tharlódh.




Tá Trócaire ag comhoibriú leis an 'Comisión de Acción Social Menonita' (CASM) ón mbliain 2009 ar aghaidh, ag tacú le coistí áitiúla comhshaoil comhdhlúthú a dhéanamh ar sheirbhísí. Cuireadh scéimeanna i bhfeidhm i gceantar Omoa agus i San Pedro Sula a mhaolódh ar an mbaol éigeandála. Is cuid thábhachtach den obair é brústocaireacht a dhéanamh ar pholaiteoirí áitiúla le go ndéanfaidís rialachán éifeachtach comhshaoil a chur i bhfeidhm. Déantar brústocaireacht chomh maith ar chomhlachtaí gáis agus ola an cheantair le go mbeadh dearcadh freagrach acu. Tacaíonn CASM le coistí uisce áitiúla maidir le bainistíocht éifeachtach dobhardhroma a reáchtáil.

### Gníomhaíocht 4 Fócas ar Hondúras

Gníomhaíochtaí 4


Téigh go dtí: trocaire.org/ education/ lent2017 agus déan an acmhainn PowerPoint don iarbhunscoil a íoslódáil. Tá tuilleadh eolais faoi Hondúras ann agus obair maidir leis an tír agus na himeachtaí a mbíonn Trócaire ag tacú leo.

### Gníomhaíocht 5 Maolú ar an mBaol Tubaiste i Hondúras (MBT)

Gníomhaíochtaí 5

Déan grúpaí le 4 mac léinn iontu agus iarr orthu an staidéar cáis atá ar leathanaigh 8&9 mar gheall ar thriúr gníomhaí óg i Hondúras atá in aghaidh an athraithe aeráide a léamh. Lig do na mic léinn na gníomhaíochtaí atá in éineacht leo a chomhlíonadh. Téigh go suíomh Thrócaire agus déan an PDF faoi MBT a íoslódáil le húsáid san obair seo, (PDF per ghrúpa).

Eolas don Oide



**Is é €1.90 tairseach na bochtaineachta idirnáisiúnta agus na daoine a mhaireann ar níos lú in aghaidh an lae, tá siad faoin líne sin.**

worldbank.org/en/topic/poverty/brief/global-poverty-line-faq



**Téigh chuig: trocaire. org/ education/ lent2017 agus féach ar bheochan CASM maidir le conas déileáil le géarchéim.**

Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga

# Bileog Oibre:
# Maolú ar an mBaol Tubaiste i Hondúras (MBT)

Sa tuairisc is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), deirtear gur tharla go leor samplaí den adhaimsir ó 1950 ar aghaidh de bharr thionchar an chine dhaonna ar aeráid an domhain. Tá fianaise go leor ann maidir leis an nasc idir an adhaimsir agus an athrú aeráide, tonnta teasa ach go háirithe, tuilte cois farraige, folca báistí agus an triomach.[6] Is féidir ísliú ar dhrochthionchair an athraithe aeráide trí MBT, maolú, agus oiriúnú, ach ní féidir go mbeadh aon bhealach amháin acu éifeachtach ann féin.

An Maolú ar Thionchar an Athraithe Aeráide: Ciallaíonn sé go ndéantar iarracht laghdú ar scaoileadh na ngás ceaptha teasa, nó deireadh a chur leis. Is féidir laghdú a dhéanamh ar ídiú breosla, nó fuinneamh a chur ar fáil ar bhealaí éifeachtacha atá tíosach ar fhuinneamh ag baint úsáide as bealaí úra teicneolaíochta, le fuinneamh in-athnuaite. D'fhéadfaí sean-trealamh a dhéanamh tíosach ar fhuinneamh, agus athruithe a chur i bhfeidhm ar chleachtais bhainistíochta nó ar iompraíocht tomhaltóirí.[7]

Oiriúnú ar Thionchar an Athraithe Aeráide: Ciallaíonn sé go ndéantar iarracht laghdú ar leochaileacht, agus athléimneacht a thógáil in aghaidh an athraithe aeráide. I dtíortha beaga ina mbíonn Trócaire ag obair d'fhéadfaí airgead a infheistiú i stóráil uisce agus i scéimeanna uisciúcháin ionas nach mbíonn na feirmeoirí ag brath go hiomlán ar an mbáisteach leis na barraí a fhás, agus go mbíonn cosaint acu ó éagsúlacht patrún báistí de bharr an athraithe aeráide.

MBT: Ciallaíonn maolú ar an mbaol tubaiste go ndéantar iarracht laghdú a dhéanamh ar an dochar a dhéanann tubaistí nádúrtha ar nós creathanna talún, tuilte, triomach agus spéirlingí. Má thuigimid an baol don phobal ó na tarluithe seo is féidir dul i ngleic leis na fadhbanna, trí bhacainní tuilte a thógáil, mar shampla. Is féidir cabhrú chomh maith leis na pobail féin, freagairt a thabhairt ar aon bhaol trí straitéis éigeandála a fhorbairt le cur i bhfeidhm go beo nuair a tharlaíonn an ghéarchéim.

Hi. Gerson Javier Bermúdez is ainm dom, agus tá cónaí orm i gceantar Victoria, Choloma, Hondúras. Is ball mé den choiste éigeandála áitiúil (CODEL) agus is mise atá i gceannas ar chuardach agus tarrtháil sa dúiche seo. Tá mapa priacal cruthaithe againn a aithníonn aon leochaileacht a bheadh le sonrú sa timpeallacht. Fuarthas amach go scaoiltear truailliú isteach sa chóras uisce ag stáisiún líonta peitril áirithe. Déantar imlíniú glas ar na ceantair atá saor ó thuilte. Déantar imlíniú dearg ar na ceantair is mó a fhágtar lorg orthu. Nuair a bhíonn na tuilte anseo, ní féidir le daoine na sráideanna a thrasnú. Is é an séipéal Caitliceach an t-aon áit ina mbíonn tearmann againn faoi láthair toisc go bhfuil an baol ann go dtitfeadh foirgnimh as a chéile in áiteanna somhillte eile.



Léiríonn Gerson Javier Bermúdez agus é i dteach na gcomharsan, cé chomh hard is a bhí leibhéal an uisce nuair a tháinig na tuilte i Mí an Mheithimh 2016. Grianghraf: Santiago Agra Bermejo/Trócaire

6. ipcc.ch/pdf/assessment-report/ar5/syr/AR5_SYR_FINAL_SPM.pdf
7. unep.org/climatechange/mitigation/Home/tabid/104335/Default.aspx




Chuir an coiste éigeandála áitiúil i gceantar Victoria, Choloma, Hondúras an mapa priacal seo ar fáil. Grianghraf: Clare McEvoy/Trócaire

**Gníomhaíocht 6 – Maolú ar Bhaol Tubaiste (MBT)**

Léigh cuid 1 agus déan cuid 2 den obair ar an mbileog a chríochnú (Mapáil MBT). Cabhróidh sé libh tuiscint a bheith agaibh maidir leis an mbealach ina gcuirtear plean éigeandála ar fáil don phobal atá i mbaol ó thuilte de bharr na hadhaimsire a eascraíonn ón athrú aeráide.



Dia daoibh, is mise Andrea Castro, agus is ball mé den choiste éigeandála áitiúil cathrach (CODEM) in Omoa, Cortés, i dtuaisceart Hondúras.

Bím ag obair ar chúrsaí cumarsáide agus ar an gcóras réamhrabhaidh, agus cuireadh an traenáil chuí orm. Is éard is brí leis an gcóras réamhrabhaidh ná go mbímid i dteagmháil leis na coistí éigeandála áitiúla maidir le baol ar bith a chuirfeadh isteach orthu, na tuilte ach go háirithe. Déanaimid monatóireacht ar aon bhagairt nó guais ar bith. Cuirim traenáil ar dhaoine óga ionas go mbeidh eolas acu faoi phráinnfhreagairt agus réamhrabhadh, agus glacaim páirt i gCumann na Croise Deirge freisin. Cabhraíonn an tacaíocht a fhaighimid ó CASM go mór linn san obair seo.




Manuel Alejandro Paz Buesa is ainm domsa agus is ball mé den choiste éigeandála áitiúil (CODEL) i gceantar Choloma, Hondúras. Táim ag freastal ar an Ardscoil, agus ba mhaith liom dul chun cónaithe san USA nó i Sasana, agus a bheith im' mhúinteoir. Is iontach an rud domsa a bheith i CODEL toisc gur fhoghlaim mé go leor rudaí nua, an gharchabhair, agus na fáthanna le go dtagann na tuilte ó na hardchríocha anuas orainn. Táim buíoch den CASM agus de Thrócaire, cabhraíonn siad linn leis na rudaí nua a fhoghlaim agus le pleanáil éigeandála a dhéanamh. Bíonn na tuilte ag bagairt orainn anseo, ach bíonn baol ann chomh maith ón fhoréigean agus ó dhronga coirpeach.

**Gníomhaíocht 7 – Ceisteanna Staidéar Cáis**

1. Cad iad na heagraíochtaí deonacha lena mbaineann Andrea agus Manuel?
2. Cén traenáil a cuireadh orthu a chabhraíonn leis an obair dheonach?
3. Cad iad na bagairtí is mó a bhíonn rompu?
4. Ainmnigh dhá bhealach ina gcabhraíonn Trócaire & CASM leis na gníomhaígh óga seo a gcuid oibre a dhéanamh.

Déan an obair ag cuid 3 agus cuid 4 den bhileog a chríochnú. Cabhróidh sé libh tuiscint a bheith agaibh ar na heilimintí a bheadh san áireamh nuair a chuirtear plean éigeandála ar fáil don phobal, tar éis dóibh mapa priacail a ullmhú.



# Maolú ar an mBaol Tubaiste (MBT) & Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)

Eolas don Oide

'Caithfidh Éire a bheith chun tosaigh maidir le tuiscint a spreagadh faoi thábhacht an fhuinnimh in-athnuaite'. Máire Mhic Róibín 2016.

An raibh a fhios agat go bhfuil leibhéal na n-astaíochtaí carbóin i Hondúras ag 1.1 tonna méadrach in aghaidh an duine, ocht n-uaire níos lú ná in Éirinn (8.8)?

trocaire.org/sites/trocaire/files/resources/policy/honduras-climate-change-case-study.pdf

Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga

Is toisc ríthábhachtach í an MBT maidir leis an SFI. Mura mbíonn straitéis éifeachtacha MBT ann, beidh deacrachtaí ann SFI áirithe a sroicheadh faoi 2030, nuair a chuirfear deireadh leo. Tugann SFI 11 mar shampla, aghaidh ar chathracha sábháilte athléimneacha a bhunú, agus trasnaíonn sé MBT a mbíonn an aidhm aige maolú ar thubaistí i suímh uirbeacha agus tuaithe chomh maith, agus an pobal a dhéanamh láidir agus teacht aniar a bheith iontu. De réir an Phainéil Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) is féidir an mhinicíocht agus an drochthionchar ón adhaimsir a tharlaíonn de bharr ionchur an chine dhaonna a laghdú má chuirtear cleachtais inbhuanaithe (MBT ina measc) i bhfeidhm. Is riachtanach an rud é go gcloífí le huilíocht na SFI. Chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil le go gcuirfeadh na pobail thar lear pleananna agus straitéis MBT i bhfeidhm, caithfimid cloí le cleachtais inbhuanaithe a dhéanfaidh maolú ar dhrochthionchar an chine dhaonna ar domhan a chur i bhfeidhm in Éirinn, sa phoblacht agus ó thuaidh chomh maith. Is ríthábhachtach an rud é go dtabharfar an t-eolas cuí don aos óg maidir le SFI, ionas go dtuigtear go mbíonn páirt acu in iarracht dhomhanda má bhíonn siad ag gníomhú ar son cheartas aeráide, le cabhair na SFI.



Tá na páistí ó shráidbhaile Khakhwa, ceantar Chikwawa i ndeisceart Malawi ag caidéal uisce a chuir Trócaire ar fáil. Bíonn dearbhthriomach sa cheantar seo de bharr athrú aeráide, agus is é seo an t-aon fhoinse uisce a bhíonn ar fáil ar feadh mórchuid den bhliain. Grianghraf: Eoghan Rice / Trócaire

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[8]

Ar an 25 Meán Fómhair 2015, ghlac tíortha an domhain le spriocanna ar leith le go gcuirfí deireadh leis an mbochtaineacht, go ndéanfaí an domhan a chosaint, agus go gcuirfí rathúnas ar fáil do chách, mar chuid de chlár nua don fhorbairt inbhuanaithe. Táthar ag súil go sroichfear na targaidí a bhaineann leis na spriocanna éagsúla, taobh istigh de 15 bl. Tá géarghá go nglacfaidh gach uile dhuine páirt iontu, leis na spriocanna a bhaint amach: na rialtais, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta, saoránaigh an domhain.

### Gníomhaíocht 8 – Cuir Athrú ar Chúrsaí

Gníomhaíochtaí 8

Déan íoslódáil ar an PDF maidir le hathrú a dhéanamh ag: trocaire.org/education/lent2017

**Cuid 1:** Quiz SFI – Déanadh na daltaí an quiz SFI (cuid 1 PDF 'Cuir Athrú ar Chúrsaí') atá ag an suíomh: globalgoals.org

**Cuid 2:** Bain úsáid as an suíomh idirlín agus as aon fhoinse eile leis na ceisteanna seo faoi SFI agus ceartas aeráide a fhreagairt:

1. Cén ceann de na SFI is mó a thugann aghaidh ar an gceartas aeráide, an dóigh libh?
2. Ainmnigh ceithre SFI eile a thugann aghaidh ar an gceartas aeráide ar aon bhealach.
3. Tá targaidí áirithe a bhaineann leis na SFI. Ainmnigh 5 targaidí dírithe ar cheartas aeráide ionas go mbeadh ar bhur gcumas féin páirt a ghlacadh iontu trí dhul i ngníomh. Pioc ó thrí SFI éagsúla ar a laghad iad. Mínigh na roghanna a rinneadh.


**Cuid 3:** Déan an chuid sin den obair PDF faoi dhaoine cáiliúla ar fud an domhain a chuir athruithe ar bun trí bheith gníomhach sa troid ar son an cheartais aeráide.

8. un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/

# Bí Gníomhach

### Duais an Domhain Chóir (DDC)

Cuireann Trócaire an DDC ar fáil do dhaoine óga atá idir dhá bhliain déag agus ocht mbliana déag d'aois. Is é aidhm na duaise ná aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann na daoine óga maidir le targaidí na SFI a shroicheadh, agus don iarracht a dhéanann siad domhan cóir a thógáil do chách. Díríonn an DDC ar théama fheachtas an Charghais don bhliain reatha. Is é téama 2017 ná gníomhú ar son na haeráide. Is féidir leis an aos óg a bheith gníomhach ar an-chuid bealaí (féach an PDF faoi DDC ar an suíomh don Charghas 2017). Is féidir leo tuairisc faoina gcuid oibre a chur isteach ar an duais. Glactar le hiontrálacha i bhformáidí éagsúla, ach caithfear cloí le treoirlínte áirithe. Tá tuilleadh eolais ag: trocaire.org/jwa




## Tiomsaigh Airgead do Thrócaire

Déan na daltaí a spreagadh chun gnímh i rith an Charghais agus airgead a thiomsú do Thrócaire. Má bhíonn na daoine óga gníomhach in imeachtaí taitneamhacha mar seo, spreagtar iad, foghlaimíonn siad scileanna sóisialta, bíonn siad ag feidhmiú mar shaoránaigh, bíonn siad beo gníomhach. Músclaítear feasacht iontu faoin athrú aeráide, agus cruinnítear an t-airgead atá riachtanach d'obair Thrócaire sa domhan theas, le go rachfaí i ngleic le torthaí an athraithe aeráide.




Mic léinn ó Mheánscoil Iósaf Cluny, Cill Iníon Léinín, Co. Átha Cliath a d'eagraigh Cyclethon agus a thiomsaigh airgead do Thrócaire i rith an Charghais.


Tá iliomad bealaí ina bhféadfaí airgead a thiomsú ar scoil:
Bosca Thrócaire, Gorm a Chaitheamh ar Feadh Lae, Troscadh, Am Tae do Thrócaire, Rothaíocht Fhíorúil, Lá an Laoich, Tráth na gCeist Boird, Siúlóid Urraithe.

Tá smaointe breise ar fáil ag: trocaire.org/fundraise nó le r-phost chuig: schoolsfundraising@trocaire.org.

### Eolas don Oide



**Is féidir tuilleadh eolais faoin athrú aeráide in Éirinn a fháil ag: stopclimatechaos.ie**



**'Tá baghcat stíl chinedheighilte de dhíth orainn ionas go dtabharfar an pláinéad slán […] Caithfimid deireadh a chur le hathrú aeráide.' An tArd-Easpag Desmond Tutu, *The Guardian*, Aibreán 2014.**

# Is é Trócaire gníomhaireacht fhorbartha thar lear Eaglais Chaitliceach na hÉireann

## Ár Suíomh Idirlín

Téigh chuig: trocaire.org/education áit inar féidir an acmhainn seo a iniúchadh. Tá breis eolais faoi acmhainní eile ansin, agus eolas faoi obair Thrócaire i dtaobh an oideachais fhorbartha.

## Bí linn ar

Facebook: facebook.com/trocaireireland - ceangail linn

Twitter: twitter.com/trocaire - léigh na giolcacha is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire - tacaíonn sibh leis na daoine seo


Flickr: flickr.com/trocaire - tá gailearaí na ngrianghraf anseo


Vimeo: vimeo.com/trocaire - féach ar na físeáin


Snapchat: trocaireireland - lean ár gcuid smeachscéalta

Instagram: instagram.com/trocaireonline - grianghraif & físeáin

## Acmhainní Eile







## Bí i dTeagmháil Linn

**Maigh Nuad**
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: 01 629 3333
R-phost chuig Mary Boyce ag: mary.boyce@trocaire.org

**Corcaigh**
9 Sráid an Chócaigh
Corcaigh
Fón: 021 427 5622
R-phost: corkcentre@trocaire.org

**Lár na Cathrach BÁC**
12 Sráid na hArdeaglaise
Baile Átha Cliath 1
Fón: 01 874 3875
R-phost: dublincentre@trocaire.org

**Béal Feirste**
50 Sráid an Rí
Béal Feirste BT1 6AD
Fón: 028 9080 8030
R-phost: infoni@trocaire.org



Poblacht na hÉireann:
Údarás Rialála an Charthanais, Uimhir: 20009601
Uimhir Ioncaim: CHY 5883
Tuaisceart Éireann:
Coimisiún Carthanais Thuaisceart Éireann: NIC103321
Uimhir Ioncaim: XR10431

**Curtha ar fáil ag: An Roinn Oideachais Forbartha, Trócaire 2017**
**Údar: Stephen Farley**

Trócaire
**Ag obair ar son na córa ar domhan.**

**Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte**

TAGAIRT: E11a